Irish translation of
Beating cervical cancer
Information for girls born between 2 July 1991 and 1 July 1993

An ailse cheirbheacsach a chloí
Faisnéis do chailíní a rugadh idir an 2 Iúil 1991 agus an 1 Iúil 1993

Cabhraigh le tú féin a chosaint

Gach rud is gá a bheith ar eolas agat faoin vacsaín VSD a thugann cosaint in éadan an trúig ailse cheirbheacsaí is coitianta.

An treoir riachtanach don vacsaíniú VSD
Is bileog é seo faoin vacsaíniú (instealladh) is féidir leat a fháil chun tú féin chosaint in éadan ailse cheirbheacsaí nuair a éiríonn tú níos sine. Má tá breis eolais uait, gabh chuig **www.helpprotectyourself.info**

Ailse cheirbheacsach
Tarlaíonn ailse cheirbheacsach sa cheirbheacs (oscailt na broinne – amharc an léaráid thíos). Víreas darbh ainm an víreas sineánómach daonna nó VSD is trúig dó. Tig leis an ailse cheirbheacsach a bheith an-tromchúiseach agus faigheann timpeall 1,000 bean bás dá bharr sa RA gach bliain.



VSD agus an dóigh a scaipeann sé
Tá os cionn 100 cineál víreas sineánómach daonna ann ach níl ach 13 acu ina dtrúig aitheanta ailse.

Víreas an-choitianta atá ann agus tig leat é a fháil trí a bheith gníomhach go gnéasach le duine eile a bhfuil an víreas acu cheana féin.

Gheobhaidh suas le leath den daonra VSD am éigin ina saol i ngan fhios dóibh féin, mar nach mbíonn airí ar bith acu de ghnáth. Ní bhíonn an víreas ina thrúig ailse formhór an ama mar go maraíonn córas imdhíonaithe na colainne é, ach ní tharlaíonn sé seo i gcónaí – sin é an fáth go bhfuil an vacsaín chomh tábhachtach.

An Vacsaín VSD

Tugann an vacsaín cosaint in éadan dhá chineál den víreas atá ina dtrúig don chuid is mó de chásanna (os cionn 70%) den ailse cheirbheacsach.
Ní thugann sé cosaint duit in éadan gach cineál VSD, agus mar sin beidh gá agat le scagadh ceirbheacsach (tástáil smearaidh) nuair a bhíonn tú níos sine.

Déanfaidh an vacsaíniú laghdú 70% ar an mbaol go bhfaighidh tú ailse cheirbheacsach nuair a thógann tú é.

Cén uair ba chóir dom an vacsaíniú a fháil?

Tá gá agat leis an vacsaíniú sula mbíonn tú gníomhach go gnéasach. Moltar an vacsaíniú a thabhairt do chailíní 12 go 13 bliain d'aois chun cosaint a thabhairt duit chomh luath agus is féidir agus dá bhrí sin beidh an vacsaíniú á thabhairt mar ghnáthamh do chailíní atá i mBliain 9 ar scoil. Beidh an vacsaín á ofráil fosta áfach do chailíní níos sine suas go 18 bliain d'aois. Tabharfar an vacsaín do chailíní a rugadh idir an 2 Iúil 1991 agus an 1 Iúil 1993 i gcleachtais dochtúirí teaghlaigh agus beidh an vacsaín á ofráil do chailíní i mblianta 11 agus 12 (a rugadh idir an 2 Iúil 1993 agus an 1 Iúil 1995) ar scoil. Ní bheidh cosaint agat ó ionfhabhtú gnéas-tarchurtha ar bith eile má fhaigheann tú an vacsaín agus ní cosaint é ar a bheith ag iompar clainne.

An vacsaíniú a fháil

Beidh trí instealladh de dhíth ort laistigh de 12 mhí chun an chosaint is fearr a fháil. Ar nós na vacsaín a bhí agat mar leanbh, tá sé tábhachtach go gcríochnófá an cúrsa agus go bhfaighfeá an trí dháileog go léir chun go n-oibreodh sé i gceart. Tabharfar an vacsaíniú duit i do sciathán uachtair.

Má fhulaingíonn tú ó asma, eachma, fiabhras léana nó ailléirgí eile, tig leat an vacsaín a fháil go fóill. Má tá aon imní ort faoi seo, nó má tá dianailléirge laitéise agat, labhair leis an altra/dochtúir sula dtugtar an vacsaín duit.

Ní mholtar an vacsaín VSD a thabhairt má tá tú, má má shíleann tú go bhfuil tú torrach. Tá sé seo amhlaidh mar nach bhfuil go leor eolais ann faoi iarmhairtí an vacsaín le linn toirchis, ní mar gheall ar aon imní ar leith faoi shábháilteacht. Má fhaigheann tú amach go bhfuil tú torrach go luath tar éis an vacsaín a fháil, ba chóir duit é a phlé leo do dhochtúir teaghlaigh.

Fo-iarmhairtí

Fo-iarmhairtí séimhe a bhíonn ag an vacsaíniú – greadfach nó frithireacht sa sciathán de ghnáth, agus ní fada a mhaireann sé. Sásaíonn an vacsaín na caighdeáin dhiana sábháilteachta atá riachtanach chun é a úsáid sa RA agus i dtíortha Eorpacha eile.

Go han-annamh bíonn frithghníomhú i bhfoirm gríos ag daoine tar éis an insteallta. Beidh a fhios ag an altra conas cóireáil a dhéanamh air seo.
Ní cúis é gan níos mó insteallta a fháil do VSD ná galair eile.

Bíonn frithghníomhartha diana ailléirgeacha ann go han-annamh, agus tá na haltraí oilte chun plé leo. Le cóireáil tagann daoine chucu féin go hiomlán, laistigh de chúpla uair an chloig de ghnáth.

Toiliú a thabhairt

Mar a tharlaíonn le cineálacha eile cúram sláinte iarrfar ort do thoiliú a thabhairt sula dtabharfar an vacsaín duit. Glactar leis go bhfuil sé ar chumas cailíní os cionn 16 bliana d'aois an toiliú a thabhairt iad féin mura bhfuil cúiseanna follasacha ann dá mhalairt.

Breis eolais

Tá eolas níos iomláine faoi ábhair na bileoige seo ar fáil le híoslódáil ónár suíomh idirlín **www.helpprotectyourself.info**

Má tá an bhileog seo uait i dteanga eile gabh chuig ár suíomh idirlín nó iarr ar chleachtas do dhochtúir teaghlaigh cóip a phriontáil duit.

HSC Public Health Agency

DHSSPS
Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Eisithe ag an Ghníomhaireacht Sláinte Phoiblí thar ceann na Roinne Sláinte Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Ábhar Cóipchirt na Corónach atáirgthe le cead Rialtóir an HMSO agus Clódóir na Banríona d'Albain.

07/09